# fáilte fite fuaite

fáilte fite fuaite
fff
20 25
19-23 Samhain

Gaeilge365 | Conradh na Gaeilge

Céad Míle Fáilte | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

LE TACAÍOCHT Ó

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

## Fáilte

**Is féile í Fáilte Fite Fuaite ina bhfáiltíonn pobal nuathagtha go hÉirinn don phobal i gcoitinne bheith leo ar a n-aistir teanga.**

Maítear gur tír sinn a thugann céad míle fáilte do chuairteoirí. Le Fáilte Fite Fuaite, tá na pobail nua seo anois ag tabhairt cuireadh dúinn aithne a chur orthu agus orainn féin athuair, trí mheán agus acmhainn luachmhar na Gaeilge

I ngach imeacht nascfar grúpaí pobail, pobail nuathagtha agus an pobal i gcoitinne i ngníomhaíochtaí Gaeilge atá á rith ar fud Oirdheisceart na Cathrach. Tabharfar seans don phobal imeascadh le chéile agus gnás nua, gnás labhartha na Gaeilge, a spreagadh is a fhás.

Tapaigh an deis aithne a chur ar do phobal, fadbhunaithe is nuathagtha agus an Ghaeilge a bheith i gcroílár na haithne sin.

## *Welcome*

***Fáilte Fite Fuaite is a festival where those new to Ireland welcome the wider public to join them on their language journey.***

*We are said to be a country that welcomes visitors a hundred thousand times over. With Fáilte Fite Fuaite, these new communities are now inviting us to get to know them and ourselves again, through the medium and valuable resource of the Irish language.*

*Each event will connect community groups, those new to Ireland and the wider public in Irish language activities that are being run across the South East of the City. The whole community will be given the opportunity to come together by establishing and nurturing a new habit, the habit of speaking Irish.*

*Take the opportunity to get to know your community, both long-established and new, with the Irish language at the heart of that identity.*




## Fáilte ó Ray McAdam
## Ardmhéara Bhaile Átha Cliath



Féile nua is ea Fáilte Fite Fuaite a dhéanann ceiliúradh ar an ról comhlántach atá ag pobail nuathagtha go hÉirinn in athnuachan na teanga i mBaile Átha Cliath. Tá áthas agus bród orm go bhfuil aitheantas cuí á fháil ag na grúpaí pobail atá go mór chun tosaigh sna gaiscí seo, tacaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Gaeilge365. Ba mhaith liom pobail ilchineálacha na cathrach a spreagadh le páirt a ghlacadh san fhéile agus sna himeachtaí beoga seo!

*Fáilte Fite Fuaite is a new festival that celebrates the complementary role that communities new to Ireland play in the revitalization of the language in Dublin. I am delighted and proud that the community groups who are at the forefront of these efforts are receiving due recognition, supported by Dublin City Council and Gaeilge365. I would like to encourage the diverse communities of the city to participate in these vibrant festivals and events!*

***Ardmhéara Bhaile Átha Cliath - Cllr. Ray McAdam***

## Fáilte ó Connlaith Ní Raifeartaigh
## Bainisteoir 'Céad Míle Fáilte'



Tá áthas ar Céad Míle Fáilte tacú leis an bhféile Fáilte Fite Fuaite atá á sheoladh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mbliana. Léireoidh sé gur acmhainn luachmhar agus éifeachtach í an Ghaeilge chun pobail ilchineálacha na cathrach a thabhairt le chéile ar thuras teanga. Is iontach go bhfuil an Chomhairle ag tacú leis an sprioc atá againn agus táim ag tnúth le borradh agus fás na féile sna blianta atá amach romhainn.

*Céad Míle Fáilte is delighted to support the Fáilte Fite Fuaite festival being hosted by Dublin City Council this year. It will demonstrate that the Irish language is a valuable and effective resource for bringing the diverse communities of the city together on a language journey. It is great that the Council is supporting our goal and I look forward to the growth and development of the festival in the years to come.*

***Connlaith Ní Raifeartaigh - Bainisteoir 'Céad Míle Fáilte', Conradh na Gaeilge***

Céad Míle Fáilte — An Ghaeilge   Conradh na Gaeilge   fff

Saor in Aisce • Free

## Dé Céadaoin 19 Samhain
14:00 - 16:00

### Plé & Tae
**Éireannachas in Éirinn**

### *Irish over a Cuppa*
*Irishness in Ireland*

**Unit 18, Sráid Uí Mhaicín, D02 NR40**
***Unit 18, Macken Street, D02 NR40***

Cíoradh ar Éireannachas comhaimseartha le dhá ghearrchaint agus comhrá éadrom: díríonn caint amháin ar rochtain ar cheartas do chainteoirí Gaeilge sna cúirteanna; scrúdaíonn an chaint eile infheictheacht na teanga ar chomharthaí sráide. Bí ag súil le timpeallacht fhial fháilteach: tae, brioscaí, agus cleachtadh éadrom Gaeilge oiriúnach do thosaitheoirí. Plé poiblí oscailte, cuimsitheach.

*Explore contemporary Irishness through two short talks and relaxed conversation: one examines access to justice for Irish speakers in courts; the other considers language visibility on street signs. There will be a welcoming atmosphere with tea, biscuits, and gentle Irish-language practice suitable for beginners and the simply curious. Open, inclusive public discussion.*

Buntáistí le Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid •

**Imeascadh**

Cuireann cúpla focal Gaeilge tús le comhrá, léiríonn siad meas, agus cuidíonn siad le muinín a chothú le comharsana, scoileanna, clubanna agus seirbhísí áitiúla.

**Integration**

*A few words of Irish break the ice, signal respect, and build trust with neighbours, schools, clubs, and local services.*

The benefits of learning and using Irish

1



Saor in Aisce • Free

## Dé Céadaoin 19 Samhain
14:15 - 15:00

### Siúlóid Scéalach
**Caisleán Bhaile Átha Cliath**

### *Guided Walk*
*Dublin Castle*

**Caisleán Bhaile Átha Cliath**
***Dublin Castle***

Buailfimid le chéile ag an bhFáiltiú sna Seomraí Stáit, An Clós Uachtarach, Caisleán Bhaile Átha Cliath. Tagaigí linn agus rachaimid siar níos mó ná míle bliain: na Lochlannaigh, na Normannaigh, na Réabhlóidithe, ról an Chaisleáin sna hamanna thart agus sa lá inniu, agus neart eile.

*We will meet at the Reception in the State Rooms, Upper Courtyard, Dublin Castle. Come and join us as we travel back over a thousand years: the Vikings, the Normans, the Revolutionaries, the role of the Castle in times past and present, and much more.*

Saor in Aisce • Free

## Déardaoin 20 Samhain
10:30 - 12:00

### Gaeltrail


**Ag bualadh le chéile (10:20)**
**ag Nine Arrows Studio, D06 FK18**
***Meeting (10:20) at***
***Nine Arrows Studio, D06 FK18***

Siúlóid treoraithe ó Nine Arrows Studio go Patagonia ar Shráid An Chiste. Déanfar líonadh ar léarscáil le deiseanna labhartha Gaeilge le gnólachtaí atá lonnaithe i gCeantar an Oirdheisceirt. Tá deis an Tóraíocht Taisce a dhéanamh tú féin chomh maith, má leanann tú an léarscáil anseo. Duais speisialta má aimsíonn tú cainteoir Gaeilge i ngnó nach bhfuil liostaithe ag BÁC le Gaeilge! Beidh dearbháin agus lascainí mar dhuaiseanna!

*Guided walk from Nine Arrows Studio to Patagonia, Exchequer St. mapping opportunities to speak Irish with businesses located in the South East Inner City. One can also do the Treasure Hunt themselves over the weekend by following the map in the brochure. Special prize if you find an Irish speaker in a business not listed by BÁC with Irish! Win vouchers and discounts!*

BÁC le Gaeilge

1. **Nine Arrows Studio** D06 FK18
2. **Greene's Barber Shop** D06 KN29
3. **Tír Deli** D02 E104
4. **John Gunn Camera Shop** D02 FY99
5. **Dunnes Hardware** D02 VK81
6. **Spilt Milk** D02 DW66
7. **Patagonia** D02 X996



Saor in Aisce • Free

**Déardaoin** 20 Samhain
11:00 - 12:30

## Ceol agus Filíocht Idirnaisúnta
### Le Foghlaimeoirí Gaeilge
## International Music and Poetry
### With Irish Language Learners

**St Andrews Resource Centre, Sr Piarsaigh**

Bígí linn, lucht foghlama na Gaeilge, do mhaidin cheoil agus filíochta le blas idirnáisiúnta!
*Join those learning Irish in a morning of music and poetry with an international twist!*



Saor in Aisce • Free

**Déardaoin** 20 Samhain
17:00 - 17:30

## Gaeilge sna Leabharlanna
## Irish in the Libraries

**Leabharlann Shráid Chaoimhín, D08 EY79**
***Kevin St Library, D08 EY79***

Tabhair cuairt ar Leabharlann Shráid Chaoimhín agus buail le daoine a bhfuil gach leibhéal Gaeilge acu, faigh tuilleadh eolais faoi sheirbhísí na leabharlainne agus faigh amach deiseanna ar fud na cathrach chun do chuid Gaeilge a úsáid, bíodh go bhfuil tú líofa nó nach bhfuil ach 'cúpla focal' agat.

*Visit Kevin Street Library and meet people of all levels of Irish, find out more about the library's services and discover opportunities across the city to use your Irish, whether you are fluent or have only a 'few words'.*

Saor in Aisce • Free

**Déardaoin** 20 Samhain
17:30 - 19:20

## An Cailín Ciúin
## The Quiet Girl

**Leabharlann Shráid Chaoimhín, D08 EY79**
***Kevin St Library, D08 EY79***

Tá an scannán An Cailín Ciúin, bunaithe ar scéal le Claire Keegan agus rinneadh an scannánú i mBaile Átha Cliath agus i gcontae na Mí.

*The film The Silent Girl, based on a story by Claire Keegan, was filmed in Dublin and County Meath.*




An Chéad 100

Saor in Aisce • Free

**Dé hAoine** 21 Samhain
12:00 - 13:00

## Mo Chéad 100 Focal
## My First 100 Words in Irish

**Leabharlann Shráid an Phiarsaigh**
***Pearse St. Library***

In uair a chloig amháin bronnfaimid 100 focal úsáideach ort agus deis iad a úsáid le foghlaimeoirí eile. Ní lón machnaimh amháin a bheidh agaibh, seolfaimid abhaile sibh le bosca lóin!

*Give us an hour of your lunch time and we'll give you 100 useful Irish words and the opportunity to use them straight away with other beginner learners. Once we've whetted your appetite for Irish, we'll send you home with a very special bosca lóin (lunch box)!*

2

Buntáistí le Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid •

**Fostaíocht**
Tá meas ag comhlachtaí poiblí agus ag go leor fostóirí ar an nGaeilge; is féidir léi iarratais, líonrú agus deiseanna cultúrtha/cruthaitheacha a neartú.

***Employment***
*Public bodies and many employers value the Irish language; it can strengthen applications, networking and cultural/ creative opportunities.*

The benefits of learning and using Irish •



Saor in Aisce • Free

**Dé hAoine** 21 Samhain
12:00 - 13:30

## Rúin agus Rianta an Dúlra
## Nature Walk and Talk

**Gairdíní Raghnallach, Radharc Na Páirce,**
***Ranelagh Gardens, Park View***

Tar ag siúl leis an ngrúpa Walk and Talk i gcomhluadar Éanna Ní Lamhna a thabharfaidh léargas spraíúil ar raon leathan dúlra atá le fáil i bpáirceanna Bhaile Átha Cliath.

*Come walk with the Walk and Talk group in the company of Éanna Ní Lamhna who will provide a fun insight into the wide range of nature found in Dublin's parks.*

# Tóraíocht Taisce Gaeltrail Féintreoraithe

Treasure Hunt Self-Guided Gaeltrail




Mura mbíonn seans agat freastal ar an nGaeltrail treoraithe - tá deis Tóraíocht Taisce a dhéanamh tú féin chomh maith, má leanann tú an léarscáil anseo. Duais speisialta má aimsíonn tú cainteoir Gaeilge i ngnó nach bhfuil liostaithe ag BÁC le Gaeilge! Beidh dearbháin agus lascainí mar dhuaiseanna.

1 **Troys Butcher** Siopa Búistéara Butcher's Shop
Áit a dtéann breis is 100 duine go míosúil chun ispíní agus slisíní bagúin a ordú trí Ghaeilge.

2 **Pipers Corner** Teach Tabhairne Gaelach Traditional Pub
Tá clú agus cáil ar an teach tábhairne Gaelach seo áit a mbíonn ceol traidisiúnta ar fáil gach oíche.

3 **Ceantar Pizza Co.** Bia/Pizza Food/Pizza
Fear óg as Ráth Éanna a bhunaigh bialann pizza Gaelach áit a mbíonn imeachtaí nua aimsithera, rave as Gaeilge srl.

4 **Patagonia** Siopa Éadaí Clothes Shop
Tá aitheanta ar fud an domhain iad mar gheall ar a gcuid éadaí den chéad scoth agus leis an tiomantas agus an gníomhaíochas ar son an chomhshaoil.

5 **Spilt Milk** Bia/Uachtar Reoite Food/Ice Cream
Ag tosú le ciorcal comhrá agus imeachtaí Gaeilge.

6 **Dunnes Hardware** Siopa Crua Earraí Hardware Store
Sean Siopa Crua-Earraí Teaghlach le gach rud a bheadh uait acu.

7 **John Gunn Camera Shop** Siopa Ceamara Camera Shop
Má tá earraí grianghrafadóireachta de dhíth oraibh, bí i dteagmháil leo.

8 **Tír Deli** Food/Deli Bia/Deli
Bia na hÉireann. Gnó fíor speisiúil ag iarraidh an teanga a bheith mar chuid den fís atá acu chun bia na hÉireann a fhorbairt.

9 **Greene's Barber Shop** Siopa Bearbóra Barber Shop
Bearradh gruaige trí Ghaeilge.

10 **Marrowbone Books** Siopa Leabhar Secondhand Bookstore
Athláimhe álainn áit a bhfuil rogha iontach leabhar ar phraghas réasúnta acu.

11 **Small Changes** Bia/Café, Bar Fíona Food/Café, Winebar
Is siopa slánbhia é Small Changes a bhfuil caifé agus beár fíona ann freisin! Bíonn roinnt imeachtaí ar siúl ann go rialta agus é ag feidhmiú mar spás pobail.

12 **Hynes** Teach Tabhairne Traditional Pub
Bíonn lascaine ar fáil ar don chéad deoch i nGaeilge!

13 **Cobblestone** Teach Tabhairne Traditional Pub
Áit a bhfuil Ceol Traidisiúnta ar fáil gach oíche.

14 **Copper and Straw** Bia/Café Food/Café
Téigh chuig Copper + Straw, Cé Árann agus labhair le Olivia, Ciara nó Róisín chun caife den scoth, atmaisféar iontach agus SEIRBHÍS TRÍ GHAEILGE a fháil!

15 **Mellon's** Siopa Cúinne Neighbourhood Shop
Siopa teaghlaigh ar an bhfód ó 1905!

16 **Four Provinces** Teach Tabhairne Traditional Pub
Teach Tábhairne Gaelach a bhfuil bród orthú beoir na háite a chur ar fáil do chuairteoirí agus daoine áitiúla araon. Gheobhaidh tú seirbhís dátheangach iontach eolach anseo.

BÁC le Gaeilge

Saor in Aisce • Free

**Dé hAoine 21 Samhain**
15:00 - 15:45

## Siúlóid Scéalach
### Gáirdíní Uíbh Eachach
## *Guided Walk*
### *Iveagh Gardens*

**Gáirdíní Uíbh Eachach, D02 YD96**
***Iveagh Gardens, D02 YD96***

Aimsigh stair shaibhir na ngairdíní ceilte trí Ghaeilge. Foghlaim faoi Copper Face Jack, an Eilifint, muintir Guinness, agus a lán eile. Mairfidh an turas 45 nóiméad.

*Discover the rich history of the hidden gardens through Irish. Learn about Copper Face Jack, the Elephant, the Guinness family, and much more. The tour will last 45 minutes.*

Clárú Riachtannach
Registration Essential



Buntáistí le Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid • The benefits of learning and using Irish

3

### Cabhair don Teaghlach
Cuidíonn fiú bunleibhéal Gaeilge le tuismitheoirí tacú le saol na scoile agus cuireann sé le buntáistí cognaíocha, litearthachta agus féiniúlachta a bhaineann le hilteangachas.

### *Helpful for the Family*
*Even a basic level of Irish helps parents support school life and contributes to the cognitive, literacy and identity benefits associated with multilingualism.*



**Dé hAoine 21 Samhain**
19:00 - 20:00

## Yoga with Naoise
## *Íoga le Naoise*

**Patagonia, Sráid an Chiste, D02 X996**
***Patagonia, Exchequer Street, D02 X996***

Rang yoga cuimsitheach do gach leibhéal aclaíochta agus teanga, le Yoga le Naoise.

*Inclusive yoga class for all fitness and language levels hosted by Yoga le Naoise*

Saor in Aisce • Free

**Dé hAoine 21 Samhain**
19:00 - 21:00

## Oíche Scánnán i Raghnallach
## *Movie Night In Ranelagh*

**Ranalagh Arts, D06 X7W9**

Oíche scannán agus comhrá as Gaeilge, tar linn cibé acu atá tú ag foghlaim, líofa nó an bhfuil an 'cúpla focal' agat.

*An evening of film and conversation as Gaeilge, come along whether you are learning, fluent or only have the 'cupla focal'*







Saor in Aisce • Free

**Dé Satharn 22 Samhain**
11:00 - 12:00

## Slacht agus Gaeilge ar an tSráid
## *Sweep & Speak Irish with Tidy Towns*

**Library Plaza, Leabharlann Ringsend**
***Library Plaza, Leabharlann Ringsend***

Buail leis na bailte slachtmhara agus cuir slacht ar an tsráidbhaile agus do chuig Gaeilge ag an am céanna.

*Spend a while with the tidy towns and clean up the village while brushing up your Irish.*

Saor in Aisce • Free

**Dé Satharn 22 Samhain**
13:00 - 15:00

## Ceangail Cheoil:
### Éire leis An Úcráin
## *Musical Connections:*
### *Ireland with Ukraine*

**Portobello Community Centre, D08 AY98**

Ceiliúraimis cultúr na hÉireann agus na hÚcráine trí mhalartú ceoil. I gcomhar le Céad Míle Fáilte beidh ceardlann ann ar amhráin i nGaeilge agus in Úcráinis. Beidh fáilte roimh gach duine a bhfuil aon leibhéal Gaeilge acu teacht le chéile agus ceiliúradh a dhéanamh go spleodrach meanmnach!

*Celebrate Irish and Ukrainian culture through a musical exchange. We will come together with Céad Míle Fáilte for a workshop and learn a song as Gaeilge and in Ukrainian. We welcome everyone with any level of Irish at all to come together and celebrate with music and craic!*

# Buaicimeacht

**Dé Satharn 22 Samhain**
18:45 - 20:30

**Teach an Ardmhéara**
***The Mansion House***

**Buaicimeacht Fáilte Fite Fuaite – oíche lán spraoi, ceoil agus filíochta don teaghlach ar fad! Banna Synge agus an Cór ar an stáitse, fuirseoireacht oiriúnach do pháistí agus tuismitheoirí, filíocht Gaeilge & Idirnáisiúnta, agus Tráth na gCeist le duaiseanna. Tar agus bí fite fuaite linn. MC Louisa Ní Éideáin.**

***The Fáilte Fite Fuaite Finale – a night of fun, music and poetry for the whole family! Synge Band and the Choir on stage, comedy suitable for children and parents, Irish & International poetry, and a Quiz with prizes. Come and be fite fuaite with us. MC Louisa Ní Éideáin.***



Grianghraf: Claire Loughran

## Amano

Cumadóir, amhránaí, file, agus taibhealaíontóir is ea Amano a bhíonn meascán de bhuillí hip hap, sean-nós, popcheol, ceol turgnamhach agus ceol leictreonach ina cuid saothair.

*Amano is a composer, singer, poet, and performer whose work blends hip-hop beats with sean-nós, pop, experimental music, and electronic sounds.*

## Hugh Mac Giolla Chearra

Is pearsa raidió agus fuirseoir é Hugh Mac Giolla Chearra. Tá a chuid saothar feicthe ar RTÉ, TG4, JOE.ie, Just Eat, BLOC, agus níos mó arís. Ach an post is "cool" atá aige? Tá glórtha déanta aige ar Spongebob.

*Hugh Mac Giolla Chearra is a radio personality and comedian. His work has been seen on RTÉ, TG4, JOE.ie, Just Eat, BLOC, and more. But his "coolest" job? He's done voices for Spongebob.*



Clárú Riachtannach
Registration Essential

## Seó Ilsiamsa Fite Fuaite
## Clár

**18:45**
Fáilte agus Ceol ó Banna Synge

**19:05**
Cur in Aithne - Fáilte Fite Fuaite

**19:20**
Fuirseoireacht
(Hugh Carr, Louisa Ní Éideáin)

**19:35**
Filíocht (Ola Majekodunmi)

**19:50**
Ceol (Amano)

**20:00**
Mion-Tráth na gCeist

**20:20**
Críoch & Ceol Banna Synge

## Louisa Ní Éideáin

Is fuirseoir, scríbhneoir agus éascaitheoir í Louisa Ní Éideáin atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Díoladh amach a seó aonarach dátheangach 'Dopa-Mean Girl', le déanaí i Fringe Dún Éideáin agus tá duais Dublin Fringe buaite aici.

*Louisa Ní Éideáin is a Dublin-based comedian, writer and facilitator. Her bilingual one-woman show 'Dopa-Mean Girl' recently sold out at the Edinburgh Fringe and she has won a Dublin Fringe award.*



## Banna Synge

Is grúpa ceol iad Banna Synge ó Bhunscoil Synge, i mBaile Átha Cliath 8, faoi stiúir Treasa Ní Bhaoill - Fhionnagáin. Bíonn siad ag canadh agus ag ceol mórthimpeall na cathrach agus sa phobal áitiúil.

*Banna Synge is a music group from Synge Primary School, Dublin 8, led by Treasa Ní Bhaoill - Fhionnagáin. They sing and perform around the city and in the local community.*

## Ola Majekodunmi

Rugadh Ola i Lagos, An Nigéir agus tógadh í i mBaile Átha Cliath. Is craoltóir, file, scríbhneoir, léiritheoir cruthaitheach agus Comhordaitheoir Tionscadail Gaeilge í le *Fighting Words*.

*Ola was born in Lagos, Nigeria and raised in Dublin. She attended Gaelscoil Lios na nÓg and Coláiste Íosagáin. She is a broadcaster, writer, poet, creative producer and Irish Language Project Coordinator with Fighting Words.*



Saor in Aisce • Free

**Dé Domhnaigh**
**23 Samhain**
**11:00 - 14:00**

## Maidin Caifé
## Coffee Morning

**Ranelagh Arts, D06 X7W9**

Teacht le chéile le Gaeilge agus Sólaistí neamhfhoirmiúil agus fáilteach.

*Come together for an informal and welcoming gathering*

## Buíochas

Is mian linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le Caitríona Kenny, a shamhlaigh Fáilte Fite Fuaite ón gcéad lá. Táimid faoi chomaoin ag na spásanna pobail a chuir a gcuid láthair ar fáil: Coláiste na Tríonóide sa Phobal (Unit 18), Ranelagh Arts, Ionad Pobail Phort an Phoill, Grúpa Bailte Slachtmhara agus Comhshaoil na Rinne/An Baile Gaelach. Buíochas ar leith leis an Ardmhéara, an Comhairleoir Ray Mac Adam, a chuir an Oak Room ar fáil dár seó ilsiamsa.

Ár mbuíochas le Daithí de Buitléir, Lucy Nic Aindris agus an fhoireann ar fad ó Gaeilge365 agus Osgur Ó Ciardha le Fios Ceirde. Sheas Connlaith Ní Raifeartaigh (Céad Míle Fáilte) agus Mícheál Ó Nualláin (Baile Átha Cliath le Gaeilge) linn ó thús báire. Ghlac Conor Claffey cúram an dearaidh álainn, agus tá Aoife O'Donnell ag stiúradh chúrsaí poiblíochta. Is mian linn a léiriú don domhan gur deis theacht le chéile í foghlaim agus labhairt na Gaeilge agus gur teanga í a osclaíonn doirse agus a dhaingníonn naisc phobail.

Buíochas speisialta leis na héascaitheoirí, na ceoltóirí agus na treoraithe: Louisa Ní Éideáin; grúpa ceoil Shráid Synge, Éanna Ní Lamhna agus Liam Ó Culbáird. Táimid an-sásta leis an méid atá bainte amach againn agus táimid ag súil cheana féin le Fáilte Fite Fuaite na bliana seo chugainn.

*We wish to express our heartfelt thanks to Caitríona Kenny, who envisioned Fáilte Fite Fuaite from day one. We are deeply grateful to the community venues that opened their doors to us : Trinity College in the Community (Unit 18), Ranelagh Arts, Portobello Community Centre, and the Ringsend/Irishtown Tidy Towns & Environment Group. Special thanks to the Lord Mayor, Councillor Ray McAdam, who made the Oak Room available for our variety show.*

*Our thanks to Daithí de Buitléir, Lucy Nic Aindris, and the entire Gaeilge365 team as well as Osgur Ó Ciardha of Fios Ceirde. Connlaith Ní Raifeartaigh (Céad Míle Fáilte) and Mícheál Ó Nualláin (Baile Átha Cliath le Gaeilge) supported us from the very beginning. Conor Claffey crafted the beautiful design, and Aoife O'Donnell is guiding our publicity. We want to show the world that learning and speaking Irish is an opportunity to come together. Irish is a language that opens doors and connects communities.*

*Special thanks to our facilitators, musicians, and guides: Louisa Ní Éideáin; the Synge Street music group; Éanna Ní Lamhna; and Liam Ó Culbáird. We are delighted with what has been achieved and are already looking forward to next year's Fáilte Fite Fuaite.*




Gaeilge365 | Conradh na Gaeilge

Céad Míle Fáilte | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

LE TACAÍOCHT Ó

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

fáilte fite fuaite

fff

2025

19-23 Samhain